# Téarmaí agus Coinníollacha Uisce Éireann le haghaidh Seirbhísí Uisce – Custaiméirí Teaghlaigh

IW/DTC/1014

Tá an foilseachán seo ar fáil in Braille, ar DD agus i bhformáid théacs mhóir ar iarratas trí ghlaoch ar 1890 448 448.

Má bhíonn aon cheisteanna agat nó má bhíonn tuilleadh faisnéise uait, déan teagmháil linn mar seo a leanas.


Gréasán: **www.water.ie**

Twitter: **@IrishWater**

**Uisce Éireann**
**Bosca OP 860**
**Oifig Sheachadta na Cathrach Theas**
**Cathair Chorcaí**


**Ceisteanna ginearálta**
8rn-8in an Luan go dtí an Aoine, agus 9rn-5.30in an Satharn

Teileafón: **Íosghlao 1890 448 448** nó **+353 1 707 2824**

Minicom: **Íosghlao 1890 378 378**
(do chustaiméirí lagéisteachta a bhfuil trealamh minicom acu)

**Ceisteanna éigeandála**
24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain

Teileafón: **Íosghlao 1890 278 278** nó **+353 1 707 2828**

Minicom: **Íosghlao 1890 378 378**
(do chustaiméirí lagéisteachta a bhfuil trealamh minicom acu)

Tabhair do d’aire le do thoil go bhféadfadh éagsúlacht bheith ar na rátaí gearrtha i dtaca le huimhreacha 1890 (Íosghlao) thar sholáthraithe seirbhíse éagsúla. D’fhéadfadh glaonna a chuirtear ar fhóin phóca bheith costasach.

**Ag cosaint ár n-uisce don saol atá romhainn**

## Dar dáta 17 Feabhra 2015

**(A)** Ceanglaítear ar Uisce Éireann, de réir reachtaíochta, táille a ghearradh ar gach Custaiméir as Seirbhísí Uisce a chur ar fáil.

**(B)** Oibríonn Uisce Éireann laistigh de chreat rialála lena gcuimsítear, i measc Rialtóirí eile, rialáil eacnamaíoch a dhéanann an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh agus rialáil chomhshaoil a dhéanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

**(C)** Tá dualgais le comhlíonadh ag an gCustaiméir agus ag Uisce Éireann araon de bhun na nAchtanna um Sheirbhísí Uisce. Ní athraíonn na Téarmaí agus Coinníollacha seo do Chustaiméirí Teaghlaigh ("Téarmaí agus Coinníollacha") na dualgais sin.

**(D)** Tá na Téarmaí agus Coinníollacha seo do Chustaiméirí Teaghlaigh Uisce Éireann i bhfeidhm maidir le Custaiméirí a úsáideann Seirbhísí Uisce chun Críocha an Teaghlaigh.

**(E)** D'fhormheas an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh na Téarmaí agus Coinníollacha seo de réir an Lámhleabhair do Chustaiméirí agus tá siad ar fáil ag www.water.ie. De rogha air sin, is féidir iad a fháil ach dul i dteagmháil le hUisce Éireann ar Íosghlao 1890 448 448.

**(F)** Sa mhéid is nach mbaineann Custaiméir ach leas as soláthar uisce amháin nó as bailiú Fuíolluisce amháin ag Áitreabh:

a. i gcás soláthar uisce, déanfar na forálacha sin de na Téarmaí agus Coinníollacha seo a bhaineann le bailiú Fuíolluisce amháin; agus

b. i gcás bailiú Fuíolluisce, déanfar na forálacha sin de na Téarmaí agus Coinníollacha seo a bhaineann le soláthar uisce amháin,

déanfar neamhaird a thabhairt orthu i leith an Áitribh lena mbaineann.

## 1. Sainmhínithe

**1.1**
Sna Téarmaí agus Coinníollacha seo:

Is é atá i gceist le **"Seirbhísí Breise"** aon oibreacha nó seirbhísí a sholáthraíonn Uisce Éireann don Chustaiméir, nó a sholáthraítear don Chustaiméir thar a ceann, ach ní áirítear leo soláthar na Seirbhísí Uisce. Féadfar táille a ghearradh as Seirbhísí Breise áirithe, faoi mar atá sonraithe sa Phlean Muirear Uisce.

Is é atá i gceist leis an **"Dlí is Infheidhme"** gach ceann d'Achtanna an Oireachtais, d'ionstraimí reachtúla, de rialacháin, d'orduithe agus d'fhorálacha reachtaíochta eile a bhaineann ar bhealach ar bith leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo, lena n-áirítear na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce, agus cód, treorú, cinneadh nó treoir ar bith a d'fhéadfadh aon Rialtóir nó aon údarás tionscail lena mbaineann a eisiúint ó am go chéile.

Is é atá i gceist le **"Seoladh Billeála"** seoladh an Áitribh nó aon seoladh teagmhála malartach eile a chuireann an Custaiméir in iúl d'Uisce Éireann de réir Chlásal 15 (Fógraí) a seoltar gach comhfhreagras maidir leis na Seirbhísí Uisce le haghaidh an Áitribh chuige.

Is é atá i gceist go ginearálta le **"Tréimhse Bhilleála"** tréimhse a mhaireann thart ar 90 lá féilire (gach ráithe). D'fhéadfadh fad na Tréimhse Billeála a athrú le linn 2015.

Is é atá i gceist le **"Dáta Dúnta Cuntais"** an dáta ar a bhfoirceanntar na Téarmaí agus Coinníollacha seo de réir Chlásal 14 (Dúnadh Cuntais).

Is é atá i gceist le **"Dáta Tosaithe"** an dáta ar a dtiocfaidh na Téarmaí agus Coinníollacha seo i bhfeidhm de réir Chlásal 2.2.

Is é atá i gceist le **"Coimisiún"** an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh.

Is é atá i gceist le **"Nasc"** éascú a dhéanamh ar Nasc Seirbhíse a nascadh (a) le hOibreacha Uisce agus/nó (b) le hOibreacha Fuíolluisce, de réir mar a bheidh.

Is é atá i gceist le **"Cúirtealáiste"** limistéar atá go díreach timpeall ar, nó cóngarach do, chuid ar bith d'fhoirgneamh, d'fheithicil, de shoitheach nó de dhéanmhas, bíodh sé/sí poiblí nó príobháideach, ar limistéar é a úsáidtear i gcomhar le cuid ar bith den fhoirgneamh, den fheithicil, den soitheach nó den déanmhas sin, bíodh sé/sí poiblí nó príobháideach, seachas aon chuid den limistéar sin ar áit phoiblí é.

Is é atá i gceist le **"Custaiméir"**, i dtaca leis soláthar na Seirbhísí Uisce, Áititheoir an Áitribh a gcuirtear na Seirbhísí Uisce ar fáil ina leith.

Is é atá i gceist le **“Córas Dáilte Custaiméirí”** píobán agus a fheistis ghaolmhara a úsáidtear nó atá le húsáid, de réir mar a bheidh, chun uisce a iompar chuig nó trí Áitreabh amháin nó níos mó (lena n-áirítear aon sconnaí inmheánacha agus seachtracha lena mbaineann) gan (i) Nasc Seirbhíse; agus (ii) córas dáilte atá faoi úinéireacht Uisce Éireann, dílsithe dó nó á rialú aige a áireamh.

Is é atá i gceist le **“Draein Custaiméirí”** píobán draenála nó córais de na píobáin sin agus na feistis ghaolmhara le haghaidh bailiú a dhéanamh ar Fhuíolluisce (nach bhfuil faoi Úinéireacht Uisce Éireann, dílsithe dó nó á rialú aige) a úsáidtear nó atá le húsáid, de réir mar a bheidh, chun Fuíolluisce a iompar ó Áitreabh amháin nó níos mó nó chuig aon chóras cóireála Fuíolluisce ar áitreabh mar a ngintear an Fuíolluisce.

Is é atá i gceist le **“Lámhleabhar do Chustaiméirí”** an cháipéis ar scríobh an Coimisiún é ina dtugtar treoirlínte d’Uisce Éireann faoi na leibhéil de sheirbhís do chustaiméirí agus faoi na bearta um chosaint custaiméirí atá le cur chun feidhme ag Uisce Éireann.

Is é atá i gceist le **“Críocha an Teaghlaigh”** Seirbhísí Uisce a sholáthar le haghaidh riachtanais laethúla teaghlaigh, lena n-áirítear ólachán, níochán agus sláintíocht.

Is é atá i gceist le **“Éigeandáil”** aon chás a sainaithníonn Uisce Éireann (ag gníomhú faoina rogha féin) gur éigeandáil é, lena n-áirítear:

a. éigeandáil ina gcuirtear daoine agus/nó maoin i mbaol; nó

b. cás ina bhfuil an soláthar uisce don Chustaiméir nó do Chustaiméirí eile teoranta nó dofhaighte; nó

c. bagairt láithreach do shláinte an phobail nó don chomhshaol.

Is é atá i gceist le **“Fógra Éigeandála”** fógra a eisíonn Uisce Éireann nó Rialtóir de réir Chlásal 9.1.

Is é atá i gceist le **“Force Majeure”** aon cheann aonair nó aon sraith de ghníomhartha, d’imeachtaí, de neamhghníomhartha nó de neamhimeachtaí nach bhfuil smacht réasúnta ag Páirtí orthu nó nach bhféadfaí a chosc go réasúnach nó nach bhféadfaí na hiarmhairtí a chosc go réasúnach agus a fhágann nach féidir le Páirtí a oibleagáidí faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear Éigeandáil, gníomhartha Dé, círéibeacha, cogadh, gníomhartha sceimhlitheoireachta, stailceanna (seachas díospóidí tionsclaíocha a bhaineann le fostaithe Uisce Éireann), dóiteán, tuile, stoirm, víreas sonraí, teip fóntais (seachas teip arb é Uisce Éireann is cúis léi), triomach, tormán sonach, éilliú radaíochta, crith talún nó ganntanas nó éilliú sa soláthar uisce.

Is é atá i gceist le **"Uisce Éireann"** Uisce Éireann (Irish Water), ar cuideachta í atá ionchorpraithe in Éirinn (uimhir chláraithe na cuideachta: 530363) agus a bhfuil a hoifig chláraithe (amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014) i dTeach Colvill, 24-26 Sráid Thalbóid, Baile Átha Cliath 1.

Is é atá i gceist le **"Údarás Áitiúil"** an chomhairle contae nó an chomhairle cathrach (mar atá sainithe san Acht Rialtais Áitiúil, 2001) atá freagrach as an limistéar feidhme ina bhfuil an tÁitreabh lonnaithe.

Is é atá i gceist le **"Méadar"** gaireas meicniúil, leictreonach nó eile le haghaidh toirt nó ráta sreafa an uisce a sholáthraítear chuig Áitreabh a thomhas i dteannta an bhosca mhéadair uisce, an chlúdaigh agus aon trealaimh choimhdigh d'fhonn sonraí a bhailiú nó a tharchur.

Is é atá i gceist le **"Áititheoir"**, i dtaca le hÁitreabh, an duine nó an t-eintiteas dlíthiúil a bheidh, de thuras na huaire, i dteideal an tÁitreabh a áitiú agus is é sin an duine a mheasfar, mura gcruthaítear a mhalairt, a bheith ar an Úinéir.

Is é atá i gceist le **"Úinéir"**, i dtaca le hÁitreabh, duine nó eintiteas dlíthiúil a bheidh, dó féin nó mar iontaobhaí nó mar ghníomhaire d'aon duine eile nó d'aon eintiteas dlíthiúil eile, i dteideal an cíos le haghaidh an Áitribh a fháil (nó, sa chás nach bhfuil an tÁitreabh á ligean amach ar cíos, a bheadh i dteideal an cíos le haghaidh an Áitribh a fháil dá ligfí ar cíos é), ar choinníoll nach gclúdóidh rud ar bith sa sainmhíniú seo:

a. duine a mhainnigh in íoc a mhorgáiste agus, mar sin de, nach bhfuil a theach ina sheilbh aige;

b. gníomhaire ag gníomhú ina cháil mar ghníomhaire tráchtála le haghaidh dhíol, léasú nó ligean ar cíos an Áitribh; nó

c. seiceadóir nó riarthóir an eastáit a bhfuil an tÁitreabh ina chuid de.

Is é atá i gceist le **"Páirtí"** páirtí amháin nó páirtí eile sna Téarmaí agus Coinníollacha seo agus forléireofar an téarma "Páirtithe" dá réir.

Is é atá i gceist le **"Grafaicí um Fhreagracht as Cothabháil Píobán"** grafaicí a fhoilsítear ar shuíomh Gréasáin Uisce Éireann ó am go chéile ina sainaithnítear na freagrachtaí faoi seach ar na Páirtithe i dtaca le soláthar, athnuachan, cúram, cothabháil agus deisiú na pluiméireachta, na ndaingneán, na bhfeisteas agus na bpíboibreacha gaolmhara le haghaidh an Phríomhphíobáin Uisce, Córais Dáilte Custaiméirí, Draenacha Custaiméirí, Séarach agus Naisc Sheirbhíse.

Áirítear le **"Áitreabh"** cuid ar bith d'fhoirgneamh, de shoitheach, d'fheithicil, de dhéanmhas nó de thalamh ar bith, bíodh sé/sí poiblí nó príobháideach (is cuma cé acu atá nó

nach bhfuil déanmhais ar an talamh agus cé acu atá nó nach bhfuil an talamh clúdaithe ag uisce), agus aon ghléasra nó chomhpháirteanna gaolmhara ar an talamh sin nó faoin talamh sin, nó aon oidhreachtán tionachta, i dteannta aon tithe amuigh agus aon Chúirtealáiste, ach gan talamh ar Bóthar Poiblí é, bóthar atá faoi réir ordaithe faoi Alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993, nó bóthar a bhfuil Údarás Áitiúil freagrach as de réir scéim neamhreachtúil glactha de chuid Údarás Áitiúil a áireamh.

Is é atá i gceist le **"Bóthar Poiblí"** bóthar ar a bhfuil ceart slí poiblí agus a bhfuil údarás bóithre freagrach as a chothabháil.

Is é atá i gceist le **"Rialtóir"** gach comhlacht rialála atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí ag a bhfuil údarás ar ghnó nó ar oibríochtaí Uisce Éireann.

Is é atá i gceist le **"Nasc Seirbhíse"** píobán soláthair uisce nó píobán draenála, mar aon le haon chomhpháirteanna agus fheistis ghaolmhara, a shíneann ó Oibreacha Uisce nó ó Oibreacha Fuíolluisce go himeall amuigh na teorann leis an gCúirtealáiste Áitribh agus a úsáidtear nó atá le húsáid, de réir mar a bheidh, chun críche Áitreabh amháin nó níos mó a nascadh le hOibreacha Uisce nó le hOibreacha Fuíolluisce agus, sa chás go n-úsáidtear é nó go bhfuil sé le húsáid chun níos mó ná Áitreabh amháin den chineál sin a nascadh, leathnófar amach é go himeall amuigh na teorann le Cúirtealáiste an Áitribh is faide ar shiúl ó na hOibreacha Uisce nó ó na hOibreacha Fuíolluisce atá i gceist;

Is é atá i gceist le "**Séarach"** píobáin draenála agus séaraigh de gach cineál (gan Séaraigh Uisce Stoirme a áireamh) atá faoi úinéireacht Uisce Éireann, dílsithe dó nó á rialú aige (ar bhonn buan) ach ní áirítear leis Draein Custaiméirí ná Nasc Seirbhíse.

Is iad na cialla a shanntar dóibh leis an Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 (arna leasú), na cialla le **"Camras" agus le "Eisilteach Camrais"**.

Is é atá i gceist le **"Uisce Stoirme"** rith báistí a théann isteach in aon phíobán.

Is é atá i gceist le **"Séarach Uisce Stoirme"** aon phíobán nó seolphíobán eile (a) a úsáidtear chun Uisce Stoirme amháin a iompar; nó (b) atá deartha nó beartaithe le húsáid chun Uisce Stoirme a iompar (bíodh sé ceangailte le séarach trí dhraein forsceite Uisce Stoirme de réir bhrí na Rialachán um Scardadh Dramhuisce (Údarú), 2007 (I.R. Uimh. 684 de 2007), nó ná bíodh).

Is é atá i gceist le **"Téarmaí agus Coinníollacha"** na téarmaí agus coinníollacha ginearálta seo arna n-athrú chun dáta ó am go chéile agus arna gcur in iúl don Chustaiméir.

Is é atá i gceist le **“Cáin Bhreisluacha”** cáin bhreisluacha mar a dhéantar foráil di san Acht Comhdhlúite Cáin Bhreisluacha 2010 nó aon cháin atá cosúil léi sin, a ionadaíonn í sin nó a fhorlíonann í sin.

Is é atá i gceist le **“Fuíolluisce”** Camras nó Eisilteach Camrais eile a scaoiltear isteach, nó atá le scaoileadh isteach, i nDraein Custaiméirí, i Nasc Seirbhíse nó i Séarach ach ní áirítear leis Uisce Stoirme.

Is é atá i gceist le **“Oibreacha Fuíolluisce”** Séaraigh agus a gcomhpháirteanna, agus gach gné fhisiceach ghaolmhar eile a úsáidtear chun Fuíolluisce a bhailiú, a stóráil nó a chóireáil, agus aon talamh ghaolmhar, atá faoi úinéireacht Uisce Éireann, dílsithe dó, á rialú aige nó á n-úsáid aige.

Is é atá i gceist le **“Plean Muirear Uisce”** an liosta de mhuirir reatha as Seirbhísí Uisce a sholáthar arna leasú ó am go chéile tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún agus arna gcur in iúl don Chustaiméir.

Is é atá i gceist le **“Príomhphíobán Uisce”** píobáin soláthair uisce atá faoi úinéireacht Uisce Éireann, dílsithe dó nó á rialú aige ach ní áirítear leis píobáin, feistis agus fearais i dtaca le Naisc Sheirbhíse nó le Córais Dáilte Custaiméirí.

Is é atá i gceist le **“Seirbhísí Uisce”** gach seirbhís, lena n-áirítear an soláthar uisce atá beartaithe le haghaidh chaitheamh an duine, lena soláthraítear stóráil, tomhas, cóireáil nó dáileadh uisce dromchla nó screamhuisce a sholáthraíonn Uisce Éireann nó lena soláthraítear bailiú, stóráil, tomhas, cóireáil nó diúscairt Fuíolluisce.

Is é atá i gceist le **“Achtanna um Sheirbhísí Uisce”** gach ceann de na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce, 2007 go 2014, agus aon reachtaíocht leasaitheach.

Is é atá i gceist le **“Oibreacha Uisce”** foinsí uisce, an Príomhphíobán Uisce agus a gcomhpháirteanna, agus gach gné fhisiceach ghaolmhar eile a úsáidtear chun uisce a astarraingt, a chóireáil, a stóráil, a thomhas nó a dháileadh, agus aon talamh gaolmhar, atá faoi úinéireacht Uisce Éireann, dílsithe dó, á rialú aige nó á n-úsáid aige.

**1.2** Aon tagairt don Dlí is Infheidhme nó d’aon achtú nó d’aon fhoráil reachtúil eile, is tagairt í dó/di mar a bhíodh nó mar a bheadh sé/sí agus é/í leasaithe, comhdhlúite nó athachtaithe ó am go chéile

**1.3** Níl sé i gceist go gcuireann téarmaí amhail “lena n-áirítear”, “go háirithe”, “ar nós” agus “mar shampla” teorainn le coitiantacht na bhforálacha lena mbaineann siad agus, ina ionad sin, d’fhéadfadh siad í a leathnú.

## 2. Soláthar Seirbhísí Uisce

**2.1**
Cuirfidh Uisce Éireann Seirbhísí Uisce ar fáil don Chustaiméir de réir agus faoi réir na dTéarmaí agus Coinníollacha seo. Gheobhaidh an Custaiméir na Seirbhísí Uisce ag an Áitreabh de réir agus faoi réir na dTéarmaí agus Coinníollacha seo.

**2.2**
Beidh feidhm ag na Téarmaí agus Coinníollacha seo:

a. maidir leis na daoine sin a fhaigheann Seirbhísí Uisce amhail an 1 Eanáir 2015, ón dáta sin (ar a n-éireoidh na tomhaltóirí sin ina gCustaiméirí); nó

b. maidir le Custaiméirí nua, de réir mar a bheidh, (i) ón dáta ar a bhfuil Nasc d'Áitreabh an Chustaiméara curtha i gcrích; nó (ii) ón dáta ar a bhfuil an Custaiméir i dteideal an tÁitreabh a áitiú nó ón dáta ar a nglacann sé úinéireacht ar an Áitreabh atá nasctha, cibé acu is luaithe.

**2.3**
Sa chás go bhfuil sé beartaithe ag Custaiméir aistriú chuig Áitreabh difriúil, ní mór dó/di fógra deich (10) lá oibre a thabhairt d'Uisce Éireann faoin dáta ar a mbeidh sé ag fágáil an Áitribh bhunaidh.

**2.4**
Cuntais Chustaiméirí

**2.4.1**
D'fhonn cuntas le hUisce Éireann a chur ar bun, cuirfidh an Custaiméir an fhaisnéis riachtanach ar fad ar fáil d'Uisce Éireann chun cur ar chumas Uisce Éireann an Custaiméir a chlárú.

**2.4.2**
Murab ionann an Custaiméir agus Úinéir an Áitribh, coimeádfaidh Uisce Éireann sonraí an Úinéara ina bhunachar sonraí Custaiméirí ionas go mbeidh an tÚinéir ar an gCustaiméir, sa chás go bhfágann an tÁitritheoir an tÁitreabh, ón dáta a chuireann an tÁitritheoir in iúl d'Uisce Éireann gurb é an dáta ónar mian leis an Áitritheoir a chuntas le haghaidh an Áitribh sin a dhúnadh. Cloífidh Uisce Éireann le gach Dlí is Infheidhme a bhaineann le cosaint sonraí agus sonraí an Úinéara sin á gcoinneáil.

**2.4.3**
Más rud é go bhfuil an Custaiméir ag cur faisnéise faoi dhaoine eile ar fáil d'fhonn comhchuntas a oscailt nó ar chúis ar bith eile a bhaineann le cuntas an Chustaiméara, ní mór don Chustaiméir a chinntiú go gcomhaontaíonn na daoine eile sin go bhféadfaidh Uisce Éireann faisnéis fúthu a úsáid chun na críche iomchuí. Cloífidh Uisce Éireann le gach Dlí is Infheidhme a bhaineann le cosaint sonraí agus sonraí an Chustaiméara sin á gcoinneáil.

## 3. Nasc

**3.1**
Seachas maidir leis an Méadar (a bhfuil freagracht ar Uisce Éireann as agus a mbeidh feidhm ag Clásal 5 ina leith), cloífidh na Páirtithe leis na dualgais reatha atá orthu faoi seach i dtaca le soláthar, athnuachan, cúram, cothabháil agus deisiú na ndaingneán agus na bhfeisteas pluiméireachta agus na píboibre gaolmhaire le haghaidh Naisc Sheirbhíse, faoi mar a thagraítear dóibh sna Grafaicí um Fhreagracht as Cothabháil Píobán.

**3.2**
Seachas maidir le Nasc Seirbhíse comhroinnte atá ann cheana, tá cosc ar an gCustaiméir an Nasc a úsáid agus/nó aon mheicníocht eile a úsáid chun uisce a sholáthar ar aghaidh chuig láthair nó áitreabh eile nach é an tÁitreabh a bhfuil feidhm ag na Téarmaí agus Coinníollacha seo ina leith.

**3.3**
Faoi réir Chlásal 3.4, slánaíonn an Custaiméir Uisce Éireann agus a chuid seirbhíseach, gníomhairí agus conraitheoirí i leith aon chaillteanais, aon damáiste nó aon ghortaithe:

a. a bheidh ann mar thoradh ar phíobáin a leag nó a d'úsáid an Custaiméir laistigh den teorainn le Cúirtealáiste an Áitribh; agus/nó

b. a bheidh ann mar thoradh ar aon sceitheadh Fuíolluisce nó uisce ón bpíbobair a bhfuil freagracht ar an gCustaiméir aisti de réir Chlásal 3.1.

**3.4**
Ní bheidh an Custaiméir freagrach faoi Chlásal 3.3 thuas sa mhéid is go dtagann an caillteanas, an damáiste nó an gortú aníos go heisiach agus go díreach de bharr neamairt agus/nó mainneachtain thoiliúil nó neamhghníomh toiliúil arb é Uisce Éireann is cúis leis/léi.

## 4. Riachtanais Ghinearálta

**4.1**
Cáilíocht an uisce a sheachadtar chuig an áit is faide ar shiúl ó na hOibreacha Uisce agus as a bhfuil Uisce Éireann freagrach de réir Chlásal 3.1, beidh freagracht ar Uisce Éireann as a chinntiú go gcloíonn sí le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil), 2014 (I.R. Uimh. 122 de 2014). Admhaítear é, áfach, go bhfuil an seachadadh uisce don Chustaiméir faoi réir athruithe áirithe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar cháilíocht, ar bhlas, ar dhath, ar chruas, ar shoiléire nó ar bhrú an uisce, ar an bhfáil air nó ar ghné ar bith eile d'uisce. Ní dhéanfaidh aon ní sna Téarmaí agus Coinníollacha seo

aon dualgas breise a fhorchur ar Uisce Éireann maidir le cáilíocht an uisce, seachas na dualgais sin arna bhforchur ag na Dlíthe is Infheidhme.

**4.2**
D'fhéadfadh bristeacha sna Seirbhísí Uisce tarlú ó am go chéile. Beidh Uisce Éireann freagrach as líon na mbristeacha a íoslaghdú agus as na Seirbhísí Uisce a thabhairt ar ais a luaithe is féidir tar éis briste. Beidh Uisce Éireann freagrach as sonraí faoi aon bhriseadh pleanáilte sna Seirbhísí Uisce a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin. D'fhéadfadh na sonraí sin a bheith faoi réir athraithe faoi rogha Uisce Éireann. Is ar aon dul leis an Lámhleabhar do Chustaiméirí a chomhlíonfar na dualgais ar Uisce Éireann maidir le fógra a thabhairt do Chustaiméirí faoi bhristeacha.

**4.3**
Forchoimeádann Uisce Éireann an ceart chun Seirbhísí Uisce a bhriseadh go hiomlán nó go páirteach, má mheasann Uisce Éireann go mbeidh gníomh den chineál sin riachtanach, nó má tá ceanglas dlí ar Uisce Éireann déanamh amhlaidh de réir an Dlí is Infheidhme nó má iarrann aon Rialtóir nó aon údarás sláinte air déanamh amhlaidh. Beidh Uisce Éireann freagrach as aon bhriseadh den chineál sin ar Sheirbhísí Uisce a íoslaghdú agus réamhfhógra a thabhairt do Chustaiméirí, nuair is féidir, ar aon dul leis an Lámhleabhar do Chustaiméirí.

**4.4**
Beidh an Custaiméir freagrach as cur amú uisce san úsáid uisce a sheachaint am ar bith (ach go háirithe in am triomaigh nó ganntanas uisce) agus ní dhéanfaidh sé uisce a sholáthar d'Áitreabh eile nó uisce a dhíol le hÁitreabh eile gan réamhchead i scríbhinn a fháil ó Uisce Éireann.

**4.5**
In amanna ganntanas uisce, féadfar go gceanglófar ar an gCustaiméir an úsáid uisce a theorannú go dtí an úsáid sin atá riachtanach le haghaidh cuspóirí éigeantacha amháin, faoi mar a fhéadfaidh Uisce Éireann a fhorordú agus beart réasúnach á dhéanamh aige.

**4.6**
Tá an Custaiméir freagrach as aimsiú agus deisiú a dhéanamh ar sceití ar aon phíbobair nó aon fheistis ghaolmhara as a bhfuil an Custaiméir freagrach, faoi mar atá leagtha amach i gClásal 3.1. Tá an fhreagracht ar an gCustaiméir faoi réir aon incháilitheachta a d'fhéadfadh a bheith aige i dtaca le haon bheartas/bheartais um sceití a dheisiú arna fhormheas/bhformheas ag an gCoimisiún a d'fhéadfadh a bheith ann ó am go chéile.

## 5. Méadrú

**5.1**
Déanfaidh Uisce Éireann, sa chás go bhfuil Méadar suiteáilte, Méadar a úsáid chun an soláthar uisce d'Áitreabh a thomhas. Beidh an Méadar faoi úinéireacht Uisce Éireann agus déanfaidh Uisce Éireann é a chothabháil.

**5.2**
Déanfaidh Uisce Éireann, nó a ionadaithe údaraithe, an Méadar/na Méadair a léamh. Sa chás go bhfuil Méadair suiteáilte, beidh Uisce Éireann freagrach as na Méadair a léamh ceithre huaire sa bhliain. Más rud é nach bhfuil Uisce Éireann ábalta, ar chúis ar bith, léamh Méadair a fháil d'aon Tréimhse Bhilleála, measfaidh Uisce Éireann an úsáid a bhain an Custaiméir as Seirbhísí Uisce sa Tréimhse Bhilleála sin, bunaithe ar mheicníocht arna formheas ag an gCoimisiún.

**5.3**
Sa chás go bhfuil Méadar á shuiteáil i leith an Áitribh, beidh Uisce Éireann freagrach as an Méadar a shuiteáil faoi thalamh agus i mbosca Méadair ar thailte a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu. Féadfar an Méadar a lonnú laistigh den teorainn le Cúirtealáiste an Áitribh nó laistigh den Áitreabh freisin, áfach.

**5.4**
Féadfaidh Uisce Éireann, faoina rogha aonair agus ar a chostas féin, trealamh Méadair arna rogha aige a chur in ionad an Mhéadair. Ní fhéadfaidh ach daoine atá údaraithe ag Uisce Éireann Méadar a dheisiú, a nascadh nó a bhaint nó oibriú ar Mhéadar.

**5.5**
Féadfaidh Custaiméirí an bosca Méadair a oscailt chun amharc ar an gclár ar an Méadar nó chun críocha deisiú nó cothabháil a dhéanamh laistigh dá nÁitreabh sa chás gur gá a soláthar uisce a aonrú nó a chasadh as. Níl cead ag an gCustaiméir gaireas ar bith ón mbosca Méadair a bhaint, a athrú nó a chur as riocht, seachas chomh fada is a bheidh sé fíor-riachtanach chun léamh Méadair nó aonrú soláthar uisce a chumasú de réir an Chlásail seo. Déanfaidh an Custaiméir an phlocóid seaca pholaistiréine agus clár an bhosca Méadair a athshaothrú dá staid bhunaidh tar éis aon léimh Mhéadair nó aon rochtana chun an soláthar uisce a aonrú. Sa chás go gcuireann an Custaiméir an Méadar nó aon ghaireas eile sa bhosca Méadair as, seachas de réir Chlásal 5.5, an clásal seo, tabharfaidh an Custaiméir eolas d'Uisce Éireann láithreach.

**5.6**
Is cion é faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 damáiste á dhéanamh ag duine ar bith d'aon bhonneagar Seirbhísí Uisce atá faoi úinéireacht Uisce Éireann, á rialú aige nó dílsithe dó nó:

a) an Méadar a bhaint, a dhamáistiú nó a bheith mar chúis lena bhaint nó lena dhamáistiú nó oibriú ceart an Mhéadair a lagú nó a bheith mar chúis lena lagú ar shlí eile;

b) Méadar a athrú go calaoiseach nó a bheith mar chúis le hathrú calaoiseach an Mhéadair;

c) clárú cuí na toirte uisce nó na toirte Fuíolluisce a sholáthraítear nó a scaoiltear trí Mhéadar a chosc nó a bheith mar chúis lena chosc; agus/nó

d) Méadar a chuirtear ar fáil chun críche an toirt uisce a sholáthraítear d'Áitreabh a thomhas a sheachaint go calaoiseach nó a bheith mar chúis lena sheachaint a cheadú.

**5.7**
Beidh an léamh innéacs ar an Méadar ina fhianaise ar an méid uisce a sholáthraítear don Chustaiméir. Féadfaidh Uisce Éireann léamha innéacs a thaifeadadh ach úsáid a bhaint as modheolaíochtaí láimhe nó uathoibríocha chun méadar a léamh.

**5.8**
Féadfaidh an Custaiméir a iarraidh ar Uisce Éireann an Méadar a thástáil le haghaidh cruinnis. Beidh iarratas den chineál sin a dhéanann an Custaiméir ina chúis le táille Sheirbhísí Breise (arna formheas ag an gCoimisiún) ar an gCustaiméir a bheidh iníoctha roimh thástáil an mhéadair. Má aimsítear gur míchruinn atá an Méadar, coigeartóidh Uisce Éireann cuntas an Chustaiméara le go mbeidh sé ag teacht le húsáid réasúnach ar bhonn modheolaíochta arna formheas ag an gCoimisiún agus aisíocfaidh sé aon táille Sheirbhísí Breise a d'íoc an Custaiméir le haghaidh na tástála sin.

**5.9**
I gcás cur isteach neamhúdaraithe, bíodh an Custaiméir nó aon tríú páirtí eile ina chúis leis, trína bhfuil ídiú uisce ag seachaint an Mhéadair, gan dochar d'aon chearta reachtúla eile (lena n-áirítear ionchúiseamh de bhun an Achta um Sheirbhísí Uisce 2007), forchoimeádann Uisce Éireann an ceart chun an t-ídiú neamhthaifeadta sin a mheas (ar bhealach atá formheasta ag an gCoimisiún) agus na táillí a bhaineann leis sin a chur san áireamh i gcuntas an Chustaiméara.

**5.10**
Tá Cód Cleachtais maidir le méadrú Teaghlaigh ag Uisce Éireann. Chun athbhreithniú a dhéanamh ar chóip de, téigh chuig suíomh Gréasáin Uisce Éireann ag www.water.ie nó, chun cóip a fháil, téigh i dteagmháil le hUisce Éireann ach na sonraí atá leagtha amach i gClásal 16.0 a úsáid.

## 6. Dliteanas

**6.1**
Ní bheidh ceachtar Páirtí faoi dhliteanas an Pháirtí eile faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo ó thaobh conartha, torta (faillí san áireamh) nó reachta de nó ar shlí eile as caillteanas indíreach nó iarmhartach nó caillteanas eacnamaíoch ar bith nó as caillteanas brabúis, caillteanas idirbhirt, caillteanas conartha, caillteanas ioncaim, costas caipitil nó damáiste a baineadh mar thoradh ar chomhlíonadh nó neamhchomhlíonadh na dTéarmaí agus Coinníollacha seo.

**6.2**
Ní dhéanfaidh aon ní sna Téarmaí agus Coinníollacha seo dliteanas ceachtar páirtí a eisiamh nó a theorannú i leith báis nó gortú pearsanta de dheasca faillí ceachtar den dá pháirtí.

## 7. Táillí

**7.1**
Eiseoidh Uisce Éireann bille don Chustaiméir i leith na dtáillí as Seirbhísí Uisce arna gcur ar fáil don Áitreabh le linn na Tréimhse Billeála. Íocfaidh an Custaiméir na táillí sin de réir na nAchtanna um Sheirbhísí Uisce agus de réir an Chóid Chleachtais maidir le billeáil do chustaiméirí Teaghlaigh de chuid Uisce Éireann.

**7.2**
Tá na táillí as Seirbhísí Uisce a chuireann Uisce Éireann ar fáil leagtha amach sa Phlean Muirear Uisce arna fhormheas ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh. Is féidir an Plean Muirear Uisce a aimsiú ar ár suíomh Gréasáin ag www.water.ie nó is féidir leat glao a chur orainn ar Íosghlao 1890 448 448.

**7.3**
Féadfaidh Uisce Éireann táillí as Seirbhísí Breise a chomhaontaíonn Uisce Éireann a sholáthar don Chustaiméir agus a fuair an Custaiméir ó Uisce Éireann a chur san áireamh i mbille an Chustaiméara. Gearrfar aon táillí (más infheidhme) de réir an Phlean Muirear Uisce.

**7.4**
Is féidir le Custaiméirí cóip den Phlean Muirear Uisce is déanaí agus den Chód Cleachtais maidir le billeáil do

chustaiméirí Teaghlaigh de chuid Uisce Éireann a fháil ó shuíomh Gréasáin Uisce Éireann ag www.water.ie nó trí dhul i dteagmháil le hUisce Éireann go díreach ach na sonraí teagmhála atá leagtha amach i gClásal 16.0 a úsáid.

**7.5**
I gcásanna atá formheasta ag an gCoimisiún, féadfaidh Uisce Éireann an praghas a ghearrtar as Seirbhísí Uisce a athrú tar éis fógra a thabhairt trí fhógrán a fhoilsiú in aon nuachtán laethúil náisiúnta nó trí fhógra a sheoladh chuig an gCustaiméir sa phost ina sonraítear an t-athrú. Seachas i gcásanna atá formheasta ag an gCoimisiún ar shlí eile, tabharfaidh Uisce Éireann fógra tríocha (30) lá féilire don Chustaiméir sula dtiocfaidh aon athrú praghais in éifeacht. Luafar in aon fhógrán nó in aon fhógra den sórt sin an dáta óna mbeidh éifeacht ag an athrú. Beidh aon athrú roimh 2018 faoi réir na huasteorann le táillí atá san Acht um Sheirbhísí Uisce 2014.

## 8. Íocaíocht

**8.1**
Beidh an Custaiméir faoi dhliteanas na táillí a íoc le hUisce Éireann ar an dáta atá sonraithe ar an mbille le haghaidh na Tréimhse Billeála lena mbaineann agus ní mór don Chustaiméir na táillí a íoc de réir na dtéarmaí íocaíochta atá sonraithe ar an mbille.

**8.2**
Leanfar leis an dliteanas ar an gCustaiméir íoc as na Seirbhísí Uisce go dtí go bhfuil gach suim glanta ag an gCustaiméir.

**8.3**
Íocfaidh an Custaiméir táille le hUisce Éireann as aon Seirbhísí Breise (mar atá leagtha amach sa Phlean Muirear Uisce) ag an Áitreabh ar iarr an Custaiméir iad, ar chuir Uisce Éireann iad ar fáil agus atá inmhuirearaithe.

**8.4**
Is in Euro trí cheann ar bith de na modhanna íocaíochta atá luaite ar an mbille a íocfar gach suim atá le híoc ag an gCustaiméir faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

**8.5**
Sa chás go bhfuil meastachán i bhfeidhm de réir Chlásal 5.2, íocfaidh an Custaiméir na táillí measta sin de réir na dtéarmaí íocaíochta atá sonraithe ar an mbille sin. Sa chás go bhfaigheann Uisce

Éireann léamh Méadair le haghaidh an Áitribh ina dhiaidh sin, déanfaidh Uisce Éireann, más gá, coigeartú cuí ar an gcéad bhille eile de réir an Chóid Chleachtais maidir le billeáil do chustaiméirí Teaghlaigh arna fhormheas ag an gCoimisiún.

**8.6**
Sa chás nár íoc custaiméir de chuid Uisce Éireann aon táillí as Seirbhísí Uisce arna gcur ar fáil d'áit chónaithe laistigh de thréimhse 12 mhí ó dháta eisiúna an chéad éilimh agus nach ndeachaigh sé isteach i bplean íocaíochta le hUisce Éireann, gearrfar táille íocaíochta déanaí, anuas ar aon riaráiste, ar an gcustaiméir sin de réir reachtaíochta.

**8.7**
Sa chás go bhfuil deacrachtaí íocaíochta ag an gCustaiméir, ba cheart don Chustaiméir sin dul i dteagmháil le hUisce Éireann láithreach ar Íosghlao 1890 448 448. Féachfaidh Uisce Éireann le dul i dteagmháil luath réamhghníomhach le Custaiméirí a bhfuil deacrachtaí íocaíochta acu chun roghanna íocaíochta a phlé leis an gCustaiméir. Rachaidh ionadaí ó Uisce Éireann i dteagmháil leis an gCustaiméir de réir an Chóid Chleachtais maidir le billeáil do chustaiméirí Teaghlaigh de chuid Uisce Éireann.

**8.8**
Forchoimeádann Uisce Éireann an ceart chun aon suimeanna atá dlite ón gCustaiméir a aisghabháil mar fhiach simplí conartha trí imeachtaí cúirte.

**8.9**
Más rud é go bhfuil cuntas ag an gCustaiméir le hUisce Éireann as níos mó ná Áitreabh Teaghlaigh amháin, féadfaidh Uisce Éireann creidmheas nó dochar ar bith a aistriú idir cuntais teaghlaigh an Chustaiméara sin d'fhonn airgead ar bith atá dlite d'Uisce Éireann a aisghabháil.

**8.10**
Seachas maidir le méideanna faoi dhíospóid, féadfaidh Uisce Éireann aon ró-íocaíocht a dhéanann an Custaiméir a fhritháireamh agus a asbhaint in aghaidh aon mhéid atá dlite d'Uisce Éireann faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo. Aon uair a chleachtann Uisce Éireann a chearta faoin gClásal seo, beidh sí gan dochar d'aon chearta nó d'aon leigheasanna eile ar fáil dó faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo nó eile. Ní fhéadfaidh an Custaiméir aon cheart fritháirimh a chleachtadh i leith na dtáillí.

**8.11**
Sa chás go bhfuil breis agus duine amháin nó aonán amháin i gceist leis an gCustaiméir, tá gach duine nó aonán faoi chomhdhliteanas nó faoi dhliteanas leithleach as dualgais an Chustaiméara faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo. Sa chás go bhfuil riaráiste le híoc ar chuntas an Chustaiméara, forchoimeádann Uisce Éireann an ceart aisghabháil an riaráiste sin a lorg ó

dhuine amháin nó ó gach duine de na comhshealbhóirí cuntais.

**8.12**
Sa chás go ndúnann an Custaiméir a chuntas le hUisce Éireann agus go bhfuil iarmhéid sochair dlite don Chustaiméir, cuirfidh Uisce Éireann an Custaiméir ar an eolas faoin iarmhéid sochair. Ní mór don Chustaiméir a chur in iúl d'Uisce Éireann conas is mian leis go ndéanfar an t-iarmhéid sochair a íoc leis.

## 9. Éigeandáil

**9.1**
Sa chás go bhfuil Uisce Éireann den tuairim gur gá ídiú an uisce atáthar ag soláthar a laghdú mar gheall ar Éigeandáil, féadfaidh Uisce Éireann:

a. Fógra Éigeandála, a mbeidh éifeacht leis láithreach, a eisiúint lena dtugtar ordú don Chustaiméir ídiú an uisce a sholáthraíonn Uisce Éireann don Áitreabh a theorannú go dtí an ráta sin nó an méid sin a d'fhéadfadh a bheith sonraithe san Fhógra Éigeandála; agus/nó

b. aon ordú eile eisiúint a mheasann Uisce Éireann, agus beart réasúnach á dhéanamh aige, a bheith riachtanach

**9.2**
Cuirfidh Uisce Éireann seirbhís teagmhála 24 uair an chloig ar fáil chun críche glaonna ó Chustaiméirí a fháil. Is í Íosghlao 1890 278 278 an uimhir ghutháin don tseirbhís teagmhála 24 uair.

[1.] *Is féidir teagmháil a dhéanamh le hUisce Éireann 24 uair sa lá. San am i láthair, tá éagsúlacht ann maidir le freagairt lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre (5in-8rn an Luan go dtí an Aoine, an deireadh seachtaine, laethanta saoire poiblí) ar fud na nÚdarás Áitiúil difriúil.*

*Gach mí, cuirfimid nuashonrú mionsonraithe ar an dul chun cinn ina leith sin ar fáil don Choimisiún um Rialáil Fuinnimh chun a chinntiú go mbeidh na socruithe uile is gá i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.*

## 10. Cóid Chleachtais agus an Chairt Chustaiméirí

**10.1**
Tá Cóid Chleachtais ag Uisce Éireann lena gclúdaítear na réimsí seo: billeáil chustaiméirí, cumarsáid le custaiméirí, méadrú, oibríochtaí líonra, custaiméirí leochaileacha agus láimhseáil gearán. Tá Cairt Chustaiméirí ag Uisce Éireann freisin ina bhfuil caighdeáin dheimhnithe Uisce Éireann leagtha amach. Cloíonn na Cóid Chleachtais sin agus an Chairt Chustaiméirí leis an Lámhleabhar do Chustaiméirí.

**10.2**
Chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chóid Chleachtais agus ar Chairt Chustaiméirí Uisce Éireann, téigh chuig ár suíomh Gréasáin ag www.water.ie nó, chun cóip a fháil, téigh i dteagmháil le hUisce Éireann ach na sonraí teagmhála atá leagtha amach i gClásal 16.0 a úsáid.

## 11. Custaiméirí Seirbhísí Tosaíochta agus Seirbhísí Speisialta

**11.1**
De réir Chód Cleachtais Uisce Éireann do chustaiméirí leochaileacha Teaghlaigh, cuirfidh Uisce Éireann seirbhísí breise ar fáil do Chustaiméirí (lena n-áirítear an cumas dara pointe teagmhála ar a gcuntas a ainmniú) a dteastaíonn seirbhísí tosaíochta agus seirbhísí speisialta uathu i dtaca lena Seirbhísí Uisce. Féadfar sonraí faoi na seirbhísí tosaíochta agus na seirbhísí speisialta sin, lena n-áirítear an Cód Cleachtais ábhartha, a fháil ach dul i dteagmháil le hUisce Éireann trí na sonraí teagmhála atá leagtha amach i gClásal 16.0 a úsáid.

**11.2**
Coinníonn Uisce Éireann clár de chustaiméirí seirbhísí tosaíochta agus seirbhísí speisialta. Más mian leis an gCustaiméir go gcaithfear leis mar chustaiméir seirbhísí tosaíochta nó seirbhísí speisialta agus na seirbhísí atá á gcur ar fáil a fháil, éileoidh Uisce Éireann faisnéis bhreise áirithe. Bainfidh an Custaiméir úsáid as foirmeacha cláraithe ábhartha Uisce Éireann do sheirbhísí tosaíochta nó do sheirbhísí speisialta chun na gcríoch sin. Is féidir na foirmeacha sin a fháil ó Uisce Éireann ach iarratas a dhéanamh ag úsáid na sonraí teagmhála atá leagtha amach i gClásal 16.0. Ní dhéanfaidh Uisce Éireann an fhaisnéis sin a nochtadh ach do ghníomhairí atá ag oibriú thar ceann Uisce Éireann a dteastaíonn an fhaisnéis uathu chun seirbhísí tosaíochta agus/nó seirbhísí speisialta a dhéanamh don Chustaiméir de réir na dTéarmaí agus Coinníollacha seo agus de réir an Dlí is Infheidhme.

## 12. Athrú

**12.1**
I gcásanna atá formheasta ag an gCoimisiún, déanfaidh Uisce Éireann na Téarmaí agus Coinníollacha seo a leasú nó a athrú, nó cur leo, tráth ar bith tar éis fógra 30 lá féilire a thabhairt don Chustaiméir.

**12.2**
Taispeánfar na Téarmaí agus Coinníollacha nuashonraithe ar shuíomh Gréasáin Uisce Éireann, nó féadfar iad a fháil ach dul i dteagmháil le hUisce Éireann trí na sonraí teagmhála atá leagtha amach i gClásal 16.0 a úsáid.

## 13. Gearáin

**13.1**
Féadfaidh an Custaiméir gearán a dhéanamh i dtaca le saincheist ar bith a eascraíonn faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo ach dul i dteagmháil leis an Rannóg um Sheirbhís do Chustaiméirí trí na sonraí teagmhála atá leagtha amach i gClásal 16.0 a úsáid.

**13.2**
Tabharfaidh Uisce Éireann aghaidh ar ghearán ar bith a dhéanann Custaiméirí ach Cód Cleachtais Uisce Éireann maidir le láimhseáil gearán a úsáid. Chun cóip den Chód Cleachtais um láimhseáil gearán Teaghlaigh a fháil, téigh i dteagmháil le hUisce Éireann ach na sonraí teagmhála atá leagtha amach i gClásal 16.0 a úsáid.

## 14. Dúnadh Cuntais

**14.1**
Sa chás gur mian le Custaiméir a chuntas a dhúnadh (agus gur thug sé fógra d'Uisce Éireann de réir Chlásal 14.2) ar chúiseanna seachas nuair atá sé ag aistriú ón Áitreabh, beidh Uisce Éireann i dteideal scor d'uisce a sholáthar don Áitreabh ar choinníoll go ndéanann Uisce Éireann, sa chás nach é an Custaiméir an tÚinéir, a dhícheall ar an gcéad dul síos iarraidh ar an Úinéir cuntas malartach a chlárú i leith an Áitribh sin.

**14.2**
Seachas sa mhéid atá foráilte go sainráite thíos, ní bheidh tuilleadh feidhme ag na Téarmaí agus Coinníollacha seo agus ní bheidh siad infheidhmithe ag na Páirtithe nó in aghaidh na bPáirtithe sa chás go dtugann an Custaiméir fógra gur mian

leis an cuntas a dhúnadh ach:

a. eolas a thabhairt d'Uisce i scríbhinn nó ar an teileafón deich (10) lá oibre roimh ré (nó mar atá comhaontaithe ag Uisce Éireann ar shlí eile); agus

b. an méid atá dlite as Seirbhísí Uisce arna n-úsáid suas go dtí an dáta ar a bhfuil sé beartaithe an cuntas a dhúnadh a íoc (lena n-áirítear aon táillí agus dualgais eile sa Phlean Muirear Uisce nó Seirbhísí Breise a chomhaontaigh Uisce Éireann a chur ar fáil don Chustaiméir faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo).

**14.3**

Leanfaidh táillí ábhartha de bheith i bhfeidhm i dtaca le haon Seirbhísí Uisce arna soláthar don Chustaiméir agus/nó dá Áitreabh le linn na tréimhse fógra deich (10) lá oibre agus, i gcás Áitribh nach bhfuil ach Méadar aige, go dtí go dtarlóidh ceann amháin de na nithe seo a leanas:

a. glacann an Custaiméir le léamh Méadair measta arna chur ar fáil ag Uisce Éireann; nó

b. cuireann an Custaiméir léamh Méadair deiridh ar fáil d'Uisce Éireann; nó

c. comhaontaíonn an Custaiméir le léamh Méadair speisialta (a d'fhéadfadh táille bhreise a ghearrfadh Uisce Éireann a thabhú).

Comhaontaíonn an Custaiméir íocaíocht ina hiomláine a dhéanamh as aon Seirbhísí Uisce arna soláthar le linn na tréimhse atá leagtha amach thuas.

**14.4**

Ní rachaidh foirceannadh na dTéarmaí agus Coinníollacha seo, cibé bealach a thagann sé aníos, i bhfeidhm ar na cearta ag ceachtar Páirtí ná ar na dualgais ar cheachtar Páirtí a fabhraíodh roimh fhoirceannadh.

**14.5**

I gcás bhás an Chustaiméara:

i. íocfaidh eastát an Chustaiméara as aon Seirbhísí Uisce arna soláthar don Chustaiméir roimh dháta an bháis; agus

ii. maidir le Seirbhísí Uisce arna soláthar don Áitreabh tar éis dháta báis an Chustaiméara, déanfar dliteanas as Seirbhísí Uisce:

    a. a fhilleadh ar an Úinéir, sa chás nach é an duine nach maireann an tÚinéir; nó

    b. a fhilleadh ar eastát an duine nach maireann, sa chás gurb é an duine nach maireann an tÚinéir.

## 15. Fógraí

**15.1**
Seachas nuair atá foráilte ar shlí eile sna Téarmaí agus Coinníollacha, féadfaidh Uisce Éireann aon fhógra atá le tabhairt ag Uisce Éireann, de réir mar a éileoidh an staid amhlaidh, a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin Uisce Éireann (www.irishwater.ie), a sheoladh tríd an bpost chuig an Seoladh Billeála, a sheoladh trí ríomhphost chuig seoladh ríomhphoist an Chustaiméara, a thabhairt ar an teileafón agus/nó a fhoilsiú sa phreas agus sna meáin chumarsáide in Éirinn.

**15.2**
Seachas nuair atá foráilte ar shlí eile sna Téarmaí agus Coinníollacha, déanfar aon fhógra atá le tabhairt ag an gCustaiméir (a) a sheoladh tríd an bpost chuig an seoladh i gClásal 16.0 (nó aon seoladh eile a d'fhéadfadh Uisce Éireann a ainmniú ó am go chéile); (b) a sheoladh trí ríomhphost chuig customerservice@water.ie; nó (c) a thabhairt ar an teileafón trí na sonraí teagmhála atá leagtha amach i gClásal 16.0 a úsáid.

**15.3**
Measfar fógraí a bheith seachadta don Chustaiméir nó d'Uisce Éireann:

**15.3.1**
Dhá (2) lá oibre tar éis postáil chuig seoladh náisiúnta más rud é gur seachadadh iad tríd an bpost;

**15.3.2**
Cúig (5) lá oibre tar éis postáil chuig seoladh idirnáisiúnta más rud é gur seachadadh iad tríd an bpost;

**15.3.3**
A luaithe is atá siad faighte ag freastalaí ríomhphoist an fhaighteora bheartaithe más rud é gur seachadadh iad trí ríomhphost; nó

**15.3.4**
Ainm agus dáta an fhoilsithe sin má d'fhoilsigh Uisce Éireann iad trí na Meáin Chumarsáide in Éirinn.

## 16. Sonraí Teagmhála

**16.1**
Is féidir dul i dteagmháil le Rannóg Uisce Éireann um Sheirbhís do Chustaiméirí ar na bealaí seo:

I scríbhinn:

Uisce Éireann
Bosca OP 860
Oifig Sheachadta na Cathrach Theas
Cathair Chorcaí

Ar an teileafón (in Éirinn):

Íosghlao 1890 448 448
or + 353 1 707 2824

Suíomh Gréasáin:

www.water.ie
(ag an rannán "Déan teagmháil linn")

Ar r-phost:

customerservice@water.ie

**16.2**
Is féidir an fhaisnéis teagmhála d'Uisce Éireann a leasú nó a athrú ó am go chéile. Léireofar an fhaisnéis teagmhála atá cothrom le dáta ina leith sin ar shuíomh Gréasáin Uisce Éireann ag www.water.ie

## 17. Cosaint Sonraí [2]

**17.1**
Ionas gur féidir le hUisce Éireann Seirbhísí Uisce a chur ar fáil don Chustaiméir, is gá d'Uisce Éireann sonraí a bhaineann leis an gCustaiméir a bhailiú agus a úsáid. Cloífidh Uisce Éireann le gach Dlí is Infheidhme agus le gach oibleagáid a bhaineann le cosaint sonraí i leith na sonraí sin. Is féidir fógra Uisce Éireann um chosaint sonraí, ina mínítear an úsáid a bhaintear as sonraí an Chustaiméara, a aimsiú ag http://www.water.ie/data-protection-notice nó is féidir é a sheoladh chuig an gCustaiméir ar iarratas ach dul i dteagmháil le hUisce Éireann trí na sonraí teagmhála atá leagtha amach i gClásal 16.0 a úsáid.

[2]. *Áirítear margaíocht léi*

## 18. Tarscaoiltí

**18.1**
Aon mhoilliú nó neamhghníomhú ag ceachtar Páirtí maidir le haon chearta faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo a chleachtadh, ní bheidh d'éifeacht leis/léi go dtarscaoilfear an ceart sin mura dtugtar i scríbhinn é/í agus ní dhéanfaidh sé/sí dochar do chleachtadh aon chirt a bheidh ar fáil don Pháirtí sin sa todhchaí.

**18.2**
Más rud é go dtarscaoileann Uisce Éireann sárú ar na Téarmaí agus Coinníollacha atá déanta ag an gCustaiméir, ní mheasfar gurb é atá sa tarscaoileadh sin agus go n-áiríonn an tarscaoileadh sin aon sárú a dhéanfaidh an Custaiméir ar an bhforáil amháin sin nó ar aon fhoráil eile ina dhiaidh sin.

## 19. Force Majeure

**19.1**
Mura mbeidh ceachtar Páirtí in ann aon cheann de na dualgais atá air faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo a chomhlíonadh mar gheall ar Force Majeure, beidh lánéifeacht fós leis na dualgais eile nach ndeachaigh an Force Majeure i bhfeidhm orthu ach cuirfear na dualgais ábhartha nach ndeachaigh an Force Majeure i bhfeidhm orthu ar fionraí gan dliteanas ar feadh tréimhse is comhionann leis an tréimhse a bhfuil feidhm ag an Force Majeure lena linn (nó ar feadh aon tréimhse eile arna cinneadh ag an gCoimisiún) ar choinníoll nach mó raon na fionraí agus nach faide fad na fionraí ná an raon agus an fad sin atá ag teastáil ón Force Majeure.

**19.2**
Ní bheidh ceachtar Páirtí faoi dhliteanas don Pháirtí eile as aon sárú ar na Téarmaí agus Coinníollacha seo sa chás gurb é teagmhas Force Majeure is cúis aonair agus is cúis dhíreach leis an sárú sin.

## 20. Ginearálta

**20.1**
Faoi réir Chlásal 20.4 thíos, comhdhéanann na Téarmaí agus Coinníollacha (mar aon leis na Téarmaí agus Coinníollacha laistigh d'aon doiciméid eile dá dtagraítear laistigh de na Téarmaí agus Coinníollacha seo) gach ceann de na Téarmaí agus Coinníollacha idir an Custaiméir agus Uisce Éireann, a ghabhann in ionad na dtograí nó na réamh-chomhaontuithe uile, bíodh siad ó bhéal nó i scríbhinn, agus na cumarsáide eile ar fad idir an Custaiméir agus Uisce Éireann a bhaineann le hábhar na dTéarmaí agus Coinníollacha.

**20.2**
Is chun críche áise amháin atá na teidil sna Téarmaí agus Coinníollacha agus ní dhéanfaidh siad aon difear don tuiscint a bhaintear astu.

**20.3**
Ní thagann na Téarmaí agus Coinníollacha seo in ionad na bhfeidhmeanna reachtúla ná na gceart atá ag Uisce Éireann faoin Dlí is Infheidhme agus ní dhéanann siad dochar dóibh siúd.

**20.4**
Má dhearbhaíonn aon chúirt nó aon údarás inniúil gur mídhleathach, ar neamhní nó dofheidhmithe atá aon fhoráil de na Téarmaí agus Coinníollacha, ní thabharfar éifeacht don fhoráil sin agus measfar í gan a bheith san áireamh sna Téarmaí agus Coinníollacha gan ceann ar bith de na forálacha eile de na Téarmaí agus Coinníollacha a chur ó bhail.

**20.5**
Más amhlaidh go dtagann na téarmaí i gcorp na dTéarmaí agus Coinníollacha salach ar na téarmaí i gceann ar bith de na doiciméid dá dtagraítear anseo, is iad na téarmaí i gcorp na dTéarmaí agus Coinníollacha a bheidh i réim.

## 21. An Dlí Rialaithe

**21.1**
Déanfar na Téarmaí agus Coinníollacha a rialú agus a fhorléiriú de réir dhlíthe na hÉireann agus, gan dochar do dhlínse an Rialtóra, beidh an dlínse eisiatach ag cúirteanna na hÉireann chun cinneadh a dhéanamh ar aon díospóidí a thagann aníos idir an Custaiméir agus Uisce Éireann.